II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1386 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Lúnasa 2022

lena gcuirtear síneadh leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (an Tuscáin agus Liguria)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]) agus go háirithe Airteagal 13(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Deireadh Fómhair 2011, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 988/2011 ([2]) lena mbunaítear den chéad uair maolú ar Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 go dtí an 31 Márta 2014 a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (an Tuscáin agus Liguria). Deonaíodh síneadh leis an maolú sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2407 ón gCoimisiún ([3]), a chuaigh in éag an 31 Márta 2018. Deonaíodh síneadh breise leis an maolú sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1634 ón gCoimisiún ([4]), a chuaigh in éag an 31 Márta 2021.

(2) An 10 Márta 2021, fuair an Coimisiún iarraidh ón Iodáil chun síneadh a chur leis an maolú sin a bhaineann leis na saighní báid a úsáidtear chun an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) a iascach laistigh dá huiscí teorann i réigiúin na Tuscáine agus Liguria.

(3) Sholáthair an Iodáil réasúnaithe eolaíocha agus teicniúla a bhí cothrom le dáta chun an maolú sin a athnuachan.

(4) Ghlac an Iodáil an plean bainistithe le Foraithne ([5]) i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 (“Plean bainistithe na hIodáile”) an 14 Deireadh Fómhair 2021.

([1]) IO L 409, 30.12.2006, lch. 11.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 988/2011 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (IO L 260, 5.10.2011, lch. 15).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2407 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2015 lena n-athnuaitear an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (IO L 333, 19.12.2015, lch. 104).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1634 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2018 lena n-athnuaitear an maolú ó Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*) in uiscí teorann áirithe de chuid na hIodáile (IO L 272, 31.10.2018, lch. 35).

([5]) *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana* 297, 15.12.2021, lch. 46.

(5) Baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe cheana ag an Iodáil agus cumhdaítear léi soithí a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus a fheidhmíonn faoi phlean bainistithe na hIodáile a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ("an plean bainistithe") an 14 Deireadh Fómhair 2021.

(6) Cumhdaítear leis an iarratas 117 soitheach, atá níos giorra ná 14 m ar fad san iomlán agus ag a bhfuil iarracht iomlán de 5 886,9 kW le haghaidh soithí, agus ráthaítear sa phlean bainistithe nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta amach anseo, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(7) Áirítear na soithí sin ar an liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(8) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ("STECF") measúnú ar an síneadh leis an maolú a d'iarr an Iodáil agus ar an dréachtphlean bainistithe a bhaineann leis an maolú sin ag an seisiún iomlánach a bhí aige ón 22 Márta go dtí an 26 Márta 2021 ([6]).

(9) Tá an measúnú foriomlán a rinne STECF dearfach agus tá na príomhghnéithe a thacaíonn leis an iarraidh sa dréachtphlean bainistithe. Faisnéis maidir lena bitheolaíocht agus lena héiceolaíocht, lena cabhlach agus lena hiarracht, cuirtear i láthair í ar bhealach maith. Iarradh ar an Iodáil scrúdú a dhéanamh ar roinnt gnéithe a d'éiligh soiléiriú breise maidir le seasamh na n-oibríochtaí iascaireachta, leibhéal na dtruicear coimircí agus uainiú an fhreagartha bainistithe. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, chomhaontaigh údaráis na hIodáile na sonraí breise is gá a sholáthar. Comhlíonann an maolú a d'iarr an Iodáil na coinníollacha a leagadh síos in Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(10) An síneadh leis an maolú a d'iarr an Iodáil, déanann sé difear do líon teoranta soitheach agus tá srianta sonracha tíreolaíochta ann, i bhfianaise mhéid teoranta na scairbhe ilchríochaí agus dháileadh spásúil an spriocspeicis araon, rudaí a chuireann teorainn leis na meánna.

(11) Ní féidir tabhairt faoin iascach le trealaimh eile ós rud é nach bhfuil na saintréithe teicniúla is gá chun an cineál sin iascaigh a dhéanamh ach ag saighní báid.

(12) Mar a luadh in aithris 9, d'iarr STECF sonraí breise maidir le dáileadh spásúil na n-oibríochtaí iascaireachta i ndáil le dáileadh na ngnáthóg féir mara. Sholáthair an Iodáil na sonraí breise sin lena ndeimhnítear an suíomh iascaireachta agus nach ann d'fhorluí le ceapacha *Posidonia*. Ina theannta sin, maidir leis an tionchar ar ghrinneall na farraige, léirigh na breathnuithe a rinneadh ar bord le linn na séasúr iascaireachta nach bhfeidhmíonn na saighní báid go héifeachtach ach amháin ar ghrinneall glan na farraige, arb é atá ann gaineamh nó láib. Agus an méid thuas á chur san áireamh, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil aon tionchar suntasach ag an iascaireacht le saighní báid ar ghnáthóga atá faoi chosaint agus go bhfuil sé an-roghnaíoch, ós rud é go ndéantar na saighní a tharraingt sa cholún uisce agus nach mbíonn siad i dteagmháil le grinneall na farraige toisc, le bailiú ábhair ó ghrinneall na farraige, go ndéanfaí damáiste don spriocspeiceas agus go mbeadh sé beagnach dodhéanta na speicis a iasctar a roghnú mar gheall ar a méid an-bheag.

(13) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ceanglais Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, ós rud é go dtoirmeasctar go sainráite sa phlean bainistithe iascaireacht a dhéanamh os cionn gnáthóga faoi chosaint.

(14) Ní chuireann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann isteach ar threalaimh eile ach amháin tráil, saighní nó líonta tarraingthe dá samhail.

(15) Thairis sin, níl aon tionchar suntasach ag an iascach ar an muirthimpeallacht, ós rud é gur trealaimh an-roghnaíoch iad na saighní báid agus nach mbíonn siad i dteagmháil le grinneall na farraige.

([6]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) - an 66ú Tuarascáil Iomlánach (PLEN-21-01). EUR 28359 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ar fáil anseo: https://stecf.jrc.ec.europa.eu/reports/plenary/-/asset_publisher/oS6k/document/id/2851300.

(16) Níl feidhm ag ceanglais Airteagal 8(1), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus le hIarscríbhinn IX, Cuid B, roinn I, a ghabhann leis, ós rud é go mbaineann siad le trálaeir.

(17) D'údaraigh an Iodáil maolú ar mhéid íosta an mhogaill a bunaíodh in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ar bhonn chomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(7) den Rialachán sin i bhfianaise chineál an-roghnaíoch na n-iascach lena mbaineann, i bhfianaise na héifeachta diomaibhsí atá aige sin ar an muirthimpeallacht agus i bhfianaise nach ndéanann forálacha Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 difear dó.

(18) Cé gur scriosadh Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 le Rialachán (AE) 2019/1241, ceadaítear le hIarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4 a ghabhann leis an Rialachán sin gur féidir le maoluithe ar mhéideanna íosta an mhogaill leanúint d'fheidhm a bheith acu ar bhonn coinníollacha áirithe dá dtagraítear in Airteagal 15(5) den Rialachán sin. Maidir leis na maoluithe sin, ba cheart iad a bheith i bhfeidhm an 14 Lúnasa 2019, ní bhíonn meath ar na caighdeáin roghnaíochta mar thoradh orthu, go háirithe i dtéarmaí méadú ar ghabhálacha iasc óg, agus dírítear leo ar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin a bhaint amach. Comhlíonann an síneadh a iarradh na coinníollacha dá dtagraítear.

(19) Bíonn na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ar siúl ag fad an-ghearr ón gcósta in uiscí éadomhain laistigh de líne 3 mhuirmhíle agus, dá bhrí sin, ní chuireann siad isteach ar ghníomhaíochtaí soithí eile.

(20) Déantar gníomhaíocht na saighní báid a rialú sa phlean bainistithe lena áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Thairis sin, de réir mhír 6 de phlean bainistithe na hIodáile, tá an iascaireacht ar *Aphia minuta* teoranta do shéasúr iascaireachta ón 1 Samhain go dtí an 31 Márta gach bliain agus tá gach séasúr iascaireachta teoranta do 60 lá ar a mhéad in aghaidh an bháid.

(21) Tá saighní báid an-roghnaíoch agus ní dhíríonn siad ar cheifileapóid.

(22) Leis an bplean bainistithe, áirítear bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(23) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ceanglais Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([8]).

(24) Dá bhrí sin, ba cheart an síneadh leis an maolú a iarradh a dheonú ar feadh tréimhse 3 bliana.

(25) Ba cheart don Iodáil tuairisciú don Choimisiún i dtráth cuí agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear i bplean bainistithe na hIodáile.

(26) Ba cheart teorannú a thabhairt isteach maidir le fad an mhaolaithe chun ligean do chur i bhfeidhm tapa bearta bainistithe ceartaitheacha i gcás ina léirítear drochstádas caomhantais na stoc saothraithe sa tuarascáil chuig an gCoimisiún, agus leis sin an bunús eolaíoch a fheabhsú chun plean bainistithe feabhsaithe a chur ar fáil.

(27) Ós rud é go ndeachaigh an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1634 in éag an 31 Márta 2021 agus go gcuirtear tús leis an séasúr iascaireachta an 1 Samhain gach bliain, d'fhonn leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 1 Samhain 2021.

([7]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(28) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(29) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na hIodáile cóngarach do chósta Liguria agus na Tuscáine maidir leis na saighní báid a dhéanann iascaireacht ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta*), ar choinníoll:

(a) go bhfuil siad cláraithe i Stiúrthóireachtaí muirí (Direzione Marittima) Genova agus Livorno faoi seach;

(b) go bhfuil cuntas teiste san iascach ag na soithí ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus nach mbeidh aon mhéadú eile ar an iarracht iascaireachta a cuireadh ar fáil i gceist leo; agus

(c) go bhfuil údarú iascaireachta ag na soithí agus go bhfeidhmíonn siad faoin bplean bainistithe a ghlac an Iodáil i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

Airteagal 2

Plean faireacháin agus tuairisciú

Cuirfidh an Iodáil tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh sa phlean bainistithe dá dtagraítear in Airteagal 1(c) in iúl don Choimisiún faoin 1 Samhain 2022.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus tréimhse feidhme

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2021 go dtí an 31 Márta 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN